C/2024/1951

4.3.2024

Nuashonrú ar mhéideanna tagartha i ndáil le trasnú na dteorainneacha seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) [1]

(C/2024/1951)

Na méideanna tagartha i ndáil le trasnú na dteorainneacha seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) [2], foilsítear an liosta sin ar bhonn na faisnéise a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen.

Chomh maith lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil, tá nuashonrú rialta ar fáil ar shuíomh gréasáin na hArd Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile.

MÉIDEANNA TAGARTHA IS GÁ CHUN NA TEORAINNEACHA SEACHTRACHA A THRASNÚ, ARNA LEAGAN SÍOS AG NA hÚDARÁIS NÁISIÚNTA

AN CHRÓIT

Le cur in ionad na faisnéise a foilsíodh in IO C 248, 8.7.2016, lch. 12.

De réir Airteagal 9 den Rialachán maidir leis an gCóras Víosaí (Iris Oifigiúil Phoblacht na Cróite Uimh. 92/2021) tá sé d'oibleagáid ar náisiúnach tríú tír cruthúnas a sholáthar ar acmhainní leordhóthanacha airgeadais chun a chothú a chumhdach le linn an ghearrfhanachta i bPoblacht na Cróite agus a fhilleadh ar an tír thionscnaimh nó a idirthuras ar thríú tír.

Nuair a thagann náisiúnach tríú tír isteach i bPoblacht na Cróite, údaraítear na húdaráis atá freagrach as rialú teorann stáit le cruthúnas a iarraidh air go bhfuil cóir leordhóthanach airgeadais aige le linn dó a bheith ag fanacht i bPoblacht na Cróite agus chun filleadh ar an tír thionscnaimh nó idirthuras a dhéanamh chuig tríú tír.

Socraítear méid na n-acmhainní airgeadais ag coibhéis EUR 70 (seachtó Euro) in aghaidh an lae den fhanacht atá beartaithe i bPoblacht na Cróite.

Má tá litir ráthaíochta dheimhnithe ag náisiúnach tríú tír ó dhuine nádúrtha nó ó dhuine dlítheanach ó Phoblacht na Cróite, nó má tá cruthúnas ar áirithint turasóireachta nó doiciméad comhchosúil aige, ní mór dó cruthúnas a sholáthar go bhfuil an méid ar fáil aige arb ionann é agus EUR 30 (tríocha Euro) in aghaidh an lae den fhanacht atá beartaithe i bPoblacht na Cróite.

Mar eisceacht, má tá litir ráthaíochta dheimhnithe ag náisiúnach tríú tír ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach ó Phoblacht na Cróite ónar léir go nglacann an ráthóir go hiomlán na costais go léir a bhaineann lena fhanacht i bPoblacht na Cróite agus lena imeacht ó Phoblacht na Cróite, tá an náisiúnach tríú tír díolmhaithe ón oibleagáid cruthúnas a chur ar fáil ar an gcóir dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 9 den Rialachán maidir leis an gCóras Víosaí.

Liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo

IO C 247, 13.10.2006, lch. 19.
IO C 77, 5.4.2007, lch. 11.
IO C 153, 6.7.2007, lch. 22.
IO C 164, 18.7.2007, lch. 45.
IO C 182, 4.8.2007, lch. 18.
IO C 57, 1.3.2008, lch. 38.
IO C 134, 31.5.2008, lch. 19.
IO C 331, 31.12.2008, lch. 13.
IO C 33, 10.2.2009, lch. 1.
IO C 36, 13.2.2009, lch. 100.
IO C 37, 14.2.2009, lch. 8.
IO C 98, 29.4.2009, lch. 11.
IO C 35, 12.2.2010, lch. 7.
IO C 304, 10.11.2010, lch. 5.
IO C 24, 26.1.2011, lch. 6.
IO C 157, 27.5.2011, lch. 8.
IO C 203, 9.7.2011, lch. 16.
IO C 11, 13.1.2012, lch. 13.
IO C 72, 10.3.2012, lch. 44.
IO C 199, 7.7.2012, lch. 8.
IO C 298, 4.10.2012, lch. 3.
IO C 56, 26.2.2013, lch. 13.
IO C 98, 5.4.2013, lch. 3.
IO C 269, 18.9.2013, lch. 2.
IO C 57, 28.2.2014, lch. 2.
IO C 152, 20.5.2014, lch. 25.
IO C 224, 15.7.2014, lch. 31.
IO C 434, 4.12.2014, lch. 3.

[1] Féach liosta na bhfoilseachán a foilsíodh roimhe seo ag deireadh an nuashonraithe seo.
[2] IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

IO C 447, 13.12.2014, lch. 32.
IO C 38, 4.2.2015, lch. 20.
IO C 96, 11.3.2016, lch. 7.
IO C 146, 26.4.2016, lch. 12.
IO C 248, 8.7.2016, lch. 12.
IO C 111, 8.4.2017, lch. 11.
IO C 21, 20.1.2018, lch. 3.
IO C 93, 12.3.2018, lch. 4.
IO C 153, 2.5.2018, lch. 8.
IO C 186, 31.5.2018, lch. 10.
IO C 264, 26.7.2018, lch. 6.
IO C 366, 10.10.2018, lch. 12.
IO C 459, 20.12.2018, lch. 38.
IO C 140, 16.4.2019, lch. 7.
IO C 178, 28.5.2020, lch. 3.
IO C 102, 24.3.2021, lch. 8.
IO C 486, 3.12.2021, lch. 26.
IO C 139, 29.3.2022, lch. 3.
IO C 143, 31.3.2022, lch. 6.
IO C 258, 5.7.2022, lch. 13.
IO C 281, 22.7.2022, lch. 4.
IO C 107, 23.3.2023, lch. 63.
IO C, C/2023/266, 19.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/266/oj.
IO C, C/2023/793, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/793/oj.
IO C, C/2024/1120, 24.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1120/oj.